Parlaimint na hEorpa
2014-2019

Suí iomlánach

A8-0220/2018

25.6.2018

***

MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Cróite a mhodhnú le linn a haontachais leis an Aontas Eorpach
(10670/2017 – C8-0121/2018 – 2017/0137(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Daniel Caspary

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH 7

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH 8

GA

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Cróite a mhodhnú le linn a haontachais leis an Aontas Eorpach
(10670/2017 – C8-0121/2018 – 2017/0137(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10670/2017),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Cróite a mhodhnú le linn a haontachais leis an Aontas Eorpach (10672/2017),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0121/2018),

– ag féachaint do Riail 99(1) agus (4), agus do Riail 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A8-0220/2018),

1. ag tabhairt a toiliú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Nua-Shéalainne.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Rinneadh an Comhaontú reatha idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn a chaibidliú tar éis aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach. Le haontachas na Cróite, mhéadaigh an tAontas Eorpach a aontas custaim. Dá thoradh sin, faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) (Airteagal XXIV:6 de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994) ní mór do AE dul i mbun caibidlíochta le comhaltaí EDT agus cearta caibidlíochta aici maidir le sceideal taraife na Cróite chun coigeartú cúiteach a aontú sa deireadh. Tá an coigeartú sin dlite más é an toradh a bheidh ar réim taraifí eachtracha AE a ghlacadh ná méadú ar tharaifí a théann níos faide ná an leibhéal a thug an tír aontachais mar cheangal uirthi féin ag EDT.

B'amhlaidh an cás sin do thrádáil idir an Chróit agus an Nua-Shéalainn, go háirithe maidir le hallmhairithe feolta áirithe, i gcás ina raibh taraifí AE níos airde ná na taraifí a bhí bunaithe ag an gCróit roimh a haontachas. Is é is aidhm leis an gcúiteamh arna chaibidliú a bheith comhréireach le haghaidh na dtáirgí a ndéantar difear dóibh. Táthar tar éis comhaontuithe comhchosúla a bhunú leis an mBrasaíl, mar shampla, ar thug Parlaimint na hEorpa a toiliú dóibh an 15 Márta 2017.

Mar thoradh ar chaibidlíochtaí leis an Nua-Shéalainn, tá dréacht-Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha ann, ar cuireadh inisiliú leis an 18 Bealtaine 2017 agus síniú leis an 13 Márta 2018.

Seo a leanas torthaí an Chomhaontaithe:

1. 1 875 thona curtha le taraif-chuóta AE 'Feoil bó-ainmhithe, reoite – Scairteach inite ó bhó-ainmhithe, reoite', uimhreacha ítime taraife 0202 agus 0206.29.91, lena ndéantar ráta reatha 20% laistigh den chuóta a chothabháil. 54 875 thona a bheidh sa taraif-chuóta nua;

2. 135 thona (meáchan conablaigh) curtha leis an leithdháileadh don Nua-Shéalainn faoi tharaif-chuóta AE 'Caoireoil nó feoil gabhar, úr, fhuaraithe nó reoite', uimhir ítime tharaife 0204, lena ndéantar ráta reatha 0% laistigh den chuóta a chothabháil. 228 389 dtona a bheidh leithdháilte don Nua-Shéalainn faoin taraif-chuóta nua.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil na méaduithe sin iomchuí. Thairis sin, toisc nach bhfuil an Nua-Shéalainn ag úsáid a cuid taraif-chuótaí iomlána i láthair na huaire, is dócha gur beag tionchar díreach a bheidh ag na méaduithe.

Measann an Rapóirtéir gur cheart do Pharlaimint na hEorpa tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a thoiliú.

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Cróite a mhodhnú le linn a haontachais leis an Aontas Eorpach
Tagairtí	10670/2017 – C8-0121/2018 – COM(2017)0333 – 2017/0137(NLE)
Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú	19.3.2018
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 16.4.2018
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Daniel Caspary 10.7.2017
Pléite sa choiste	17.5.2018 21.6.2018
Dáta an ghlactha	21.6.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 31 –: 2 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	William (Iarla) Dartmouth, Laima Liucija Andrikienė, Tiziana Beghin, Salvatore Cicu, Santiago Fisas Ayxelà, Eleonora Forenza, Nadja Hirsch, Yannick Jadot, France Jamet, Elsi Katainen, Patricia Lalonde, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, David Martin, Emmanuel Maurel, Anne-Marie Mineur, Sorin Moisă, Alessia Maria Mosca, Franck Proust, Godelieve Quisthoudt-Rowohl, Inmaculada Rodríguez-Piñero Fernández, Tokia Saïfi
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Goffredo Maria Bettini, Reimer Böge, Klaus Buchner, Dita Charanzová, Danuta Maria Hübner, Sajjad Karim, Sander Loones, Lola Sánchez Caldentey
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Czesław Hoc, John Howarth, Dietmar Köster
Dáta don chur síos	25.6.2018

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

31	+
ALDE	Dita Charanzová, Nadja Hirsch, Elsi Katainen, Patricia Lalonde
ECR	Czesław Hoc, Sajjad Karim, Sander Loones
EFDD	Tiziana Beghin, William (Iarla) Dartmouth
GUE/NGL	Eleonora Forenza, Anne-Marie Mineur, Lola Sánchez Caldentey
PPE	Laima Liucija Andrikienė, Reimer Böge, Salvatore Cicu, Santiago Fisas Ayxelà, Danuta Maria Hübner, Sorin Moisă, Franck Proust, Godelieve Quisthoudt-Rowohl, Tokia Saïfi
S&D	Goffredo Maria Bettini, John Howarth, Dietmar Köster, Bernd Lange, David Martin, Emmanuel Maurel, Alessia Maria Mosca, Inmaculada Rodríguez-Piñero Fernández
VERTS/ALE	Klaus Buchner, Yannick Jadot

2	-
ENF	France Jamet, Danilo Oscar Lancini

0	0

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh